



## OIFIGEACH RIARACHÁIN - GRÁD 7 AONAD UM THITHÍOCHT INACMHAINNE.

Is comhlacht rialtais í an Gníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a sholáthar.

Is í fíis na Gníomhaireachta ná tógáil de phobail inbhuanaithe a chur chun cinn. Cuirimid an soláthar tithíochta chun cinn chun freastal ar riachtanais agus éileamh reatha agus amach anseo trína bheith mar an lárionad saineolais ar thithíocht, a thacaíonn le forbairt beartais tithíochta agus le cláir éifeachtacha tithíochta a chur chun feidhme i gcomhar le páirtithe eile.

Soláthraímid raon leathan seirbhísí lena n-áirítear:

- Réadmhaoin a Fhoinsiú agus a Fháil do Thithíocht Shóisialta
- Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil
- Comhairle Beartais
- Leasúchán Piríte
- Seirbhísí Soláthair Tithíochta
- Forbairt agus Bainistíocht Talún
- Tacaíocht d'Údaráis Áitiúla
- Scéim Morgáiste chuig Cíos
- Taighde agus Anailís
- Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta Seirbhísí
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus Faisnéis do Chleachtóirí Tithíochta
- Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag [www.housingagency.ie](http://www.housingagency.ie).

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag iarraidh folúntas an Oifigigh Riaracháin - Grád 7 san Aonad Tithíochta Inacmhainne a líonadh.

### Príomhdhualgais

- Oibrigh mar chuid den fhoireann Seachadta sa Gníomhaireacht Tithíochta ag treorú tionscnamh chun tacú le tithíocht inacmhainne a sheachadadh le béim ar leith ar thionscnaimh úinéireachta tí lena n-áirítear Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann agus gníomhú mar cheannaire ar thionscnaimh áirithe eile de réir mar a threoraíonn an Stiúrthóir Seachadta.

- Oibriú le baill shinsearacha den Ghníomhaireacht Tithíochta chun míreanna gníomhaíochta a shainaithint, moltaí a fhorbairt agus réitigh a fháil maidir le tithíocht inacmhainne a sholáthar le haghaidh úinéireachta agus cíosa ar aon.
- Soláthraithe seirbhíse seachtracha a sholáthar agus a bhainistiú de réir mar is gá lena n-áirítear seirbhísí frithgheallta d'Íasacht Tithíochta Atógáil Éireann agus aon seirbhís chomhroinnte eile a bhaineann le tithíocht inacmhainne.
- A chinntiú go gcuirtear comhairle ardchaighdeán agus thráthúil ar fáil d'údarais áitiúla agus do gheallsealbhóirí tithíochta eile.
- Doiciméid teimpléid agus treorach a fhorbairt chun tacú le tionscnaimh Úinéireachta Tí a chur chun feidhme lena n-áirítear Íasacht Tithíochta Atógáil Éireann agus aon tionscnaimh gaolmhar.
- Ionchur i bhforbairt beartais do thionscnaimh a bhaineann le húinéireacht tí inacmhainne agus le cíos inacmhainne.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus faisnéis a sholáthar di.
- Comhordú agus oiliúint a sholáthar ar thionscnaimh tithíochta inacmhainne agus úinéireachta tí agus saincheistanna gaolmhara do chleachtóirí tithíochta agus do gheallsealbhóirí bainteacha eile.
- Bainistiú tionscadail ar sheachadadh tionscadal éagsúil.
- Cuir i láthair a dhéanamh do phríomhpháirtithe leasmhara, de réir mar is gá agus ionadaíocht a dhéanamh don Ghníomhaireacht Tithíochta ag seimineáir.
- Maoirseacht agus bainistíocht foirne, lena n-áirítear meantóireacht, oiliúint agus forbairt foirne.
- Dualgais riaracháin ghinearálta eile, de réir mar is gá.

### Riachtanais Phearsanta / Oideachais

Ba cheart go mbeadh cáilíocht aitheanta tríú leibhéal ag an iarrthóir rathúil (leibhéal 7 ar a laghad den Chreat Cáilíochtaí Náisiúnta) i ndisciplín ábhartha nó taithí cúig bliana ar a laghad i bpost maoirseachta i ndisciplín ábhartha. Áirítear le disciplíní ábhartha, disciplíní a bhaineann le hairgeadas morgáiste nó seachadadh tithíochta agus ba cheart d'iarratasóirí cáilíochtaí nó taithí a thaispeáint i gceann amháin ar a laghad de na réimsí seo.

### Inniúlachtaí

- **Bainistiú & Seachadadh Torthaí** - Bainistiú rathúil a dhéanamh ar raon tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla ag an am céanna
- **Anailís agus Cinnteoireacht** - faisnéis ó fhoinsí ábhartha a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, cibé acu airgeadais, uimhriúil nó eile, agus raon fachtóirí criticiúla a mheas
- **Ceannaireacht Foirne** - an fhoireann a threorú trí shampla, oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá

- **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide** - caidrimh le príomhpháirtithe leasmhara a chruthú agus a chothabháil, ag obair laistigh d'fhoirne éagsúla, ag ullmhú agus ag cur tuarascálacha i láthair do phríomhpháirtithe leasmhara
- **Saineolas** - Próiseas iasachta morgáiste lena n-áirítear measúnú frithgheallta, Eolas faoi thithíocht lena n-áirítear úinéireacht tí agus cur chuige maidir le tithíocht inacmhainne a sholáthar nó tithíocht ar cíós de réir costais.

### Scála Tuarastail - Oifigeach Riaracháin Scálaí ÚA

€49,835 - €51,054 - €52,479 - €53,906 - €55,336 – €56,611 - €57,918 - €59,184 - €60,445

LSI 1 - €62,611

LSI 2 - €64,786

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéadphointe den scála i gcomhréir le beartas an rialtais.** Féadfar téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é go bhfuil tú i do Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí, díreach roimh an gceapachán.

**Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais - Dé Céadaoin 26 Lúnasa 2020 ag 12.00 meán lae**

### Nós Imeachta Iarratais

- Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a sholáthar:
  - a. litir chlúdaigh ina dtugtar cur síos ar a n-oiriúnacht don phost
  - b. foirm iarratais na Gníomhaireachta Tithíochta chomhlánaithe
- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú
- Ba chóir iarratais a chlósscríobh agus a chur isteach trí ríomhphost i bhformáid PDF chuig [recruitment@housingagency.ie](mailto:recruitment@housingagency.ie)
- Cuirfear iarratasóirí ar an ngearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthrófar
- Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don ghearrliosta
- Ní ghlacfar le hiarratais in imthosca ar bith tar éis an dáta deiridh
- Dícháileofar go huathoibríoch canbhasáil ag an iarratasóir nó thar a cheann

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar le haghaidh ceapacháin, nó tar éis glacadh leis an bpost é a scor nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh an Gníomhaireacht, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin bunaithe e ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.